Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9028/26**

**LIMITE**

**CORLX 446**
**CFSP/PESC 661**
**CONOP 26**
**CONUN 72**
**MAMA 116**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1984 chun tacú leis an bPleanáil Idirthréimhseach Institiúideach le haghaidh Misin Neamhghnácha agus Acmhainneachtaí Imscrúdaitheacha na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1984 chun tacú leis an bPleanáil Idirthréimhseach Institiúideach le haghaidh Misin Neamhghnácha agus Acmhainneachtaí Imscrúdaitheacha na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1984[1], a bhaineann le tacaíocht ón Aontas do phleanáil idirthréimhseach institiúideach le haghaidh misin neamhghnácha agus d'acmhainneachtaí imscrúdaitheacha na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ('OPCW').

(2) An 13 Márta 2026, d'iarr OPCW go gcuirfí síneadh gan chostas le cur i bhfeidhm Chinneadh (CBES) 2024/1984 go dtí an 30 Meán Fómhair 2027 chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht, clársceidealú agus cistiú ón Aontas agus chun go mbeidh OPCW in ann seachadadh iomlán na ngníomhaíochtaí bunaidh a bhí beartaithe a thabhairt chun críche faoin gCinneadh sin.

(3) Mar thoradh ar athrú polaitiúil agus oibríochtúil eisceachtúil nach rabhthas ag súil leis atá tagtha ar Phoblacht Arabach na Siria, tá méadú tagtha ar an gcomhar idir an rialtas nua idirthréimhseach agus OPCW. Tá méadú tagtha freisin ar líon na n-iarrataí ar mhisin speisialta a fhaigheann Ardrúnaíocht OPCW a bhaineann le líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach i gcoinbhleachtaí leanúnacha eile, lena n-áirítear i gcás chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

(4) Leis an síneadh le cur i bhfeidhm Chinneadh (CBES) 2024/1984, bheadh OPCW in ann cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail a leagtar amach sa Doiciméad Tionscadail dá dtagraítear sa Chinneadh sin a thabhairt chun críche.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1984 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2024/1984 ón gComhairle an 15 Iúil 2024 chun tacú leis an bPleanáil Idirthréimhseach Institiúideach le haghaidh Misin Neamhghnácha agus Acmhainneachtaí Imscrúdaitheacha na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) (IO L, 2024/1984, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1984/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2024/1984, cuirtear an téarma ‘36 mhí’ in ionad an téarma ‘24 mhí’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC